

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS  
EOLAÍOCHTA**

**ARDTEISTIMÉIREACTH**

**SIOLLABAS EOLAÍOCHT  
TALMHAÍOCHTA**

## 20 – EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA

### GNÁTHCHÚRSA AGUS ARDCHÚRSA

Déanfar measúnú a mbeidh 100 marc ag dul dó ar rogha-ábhair an mhic léinn.

#### *Ithreacha*

Déanamh ithreacha.

Na príomhghrúpaí carriage.

Síonchaitheamh carraigreacha.

Bunús na n-ithreacha: oighriú, ithreacha díorthaithe, ithreacha ón mbuncharraig, fás na bportach.

#### *Uígeacht Ithreacha*

Méid na gcáithníní mar a chinntear sin trí anail ís mheicniúil. Rangú ithreacha.

Húmas.

Léarscáileanna geolaíochta a úsaid.

Staidéar ar léarscáileanna ithreacha in Éirinn.

Suirbhéireachtaí ar ithreacha áitiúla.

Airíonna fisiciúla ithreacha.

Déanmhas ithreacha; aer na hithreach; dlús ithreacha; teocht ithreacha;

uisce na hithreach agus rialúchán ar uisce na hithreach.

Prionsabail a bhaineann le saothrú na hithreach agus tagairt do bharr curaíochta agus barra talaimh fhéaraigh.

Airíonna Ceimiceacha ithreacha.

Airíonna collóideacha, pH agus an gruthú maidir le créchuid agus húmas.

Malartú bunanna.

Mórdhúile agus mioindúile. Leasacháin agus aoladh.

Orgánaigh gheo agus a n-éifeacht.

Macrorgánaigh agus miocrorgánaigh. Comhspleáchas ainmhithe agus plandaí.

Dianscaoileadh ábhair orgánaigh; timthriallacha carbóin agus nítrigine.

Feabhsú torthúlachta a hithreach.

#### *Déanmhas ginearálta agus feidhmeanna plandaí*

Bundéanmhas agus saolré baictéir, múscaín, raithní, péine agus planda bláthanna. Cill an phlanda – na saghsanna cealla i bhfíocháin phlandaí éagsúla mar a fheictear sin sna fréamhacha, sna gais agus sna duillí.

Cillroinnt – miotóis, méóis.

Codanna an phlanda bhláthanna – feidhm gach coda ar leith.

An chaoi a ndéantar an bláth agus an síol.

Déanmhas an tsíl – monacotailéadón agus déchotailéadón.

Péacadh agus taltú.

Síolrú plandaí trí mhodhanna fásúla.

Fiseolaíocht an phlanda: osmóis, riospráid, fótaisintéis, trasghalú; traslonnú, stóráil bhia.

Trialacha ar chomhábhair bhia.

Na dúile atá riachtanach le haghaidh gnáthfháis

Aithint phlandaí ó thaobh a dtábhachta sa talmhaíocht i dtimpéallacht na scoile agus staidéar ar a dtréithe agus a ngnáthóga. Na prionsabail i rangú plandaí. A bheith inniúl ar phlandaí a rangú i sé ord nádúrtha ar a laghad.

### *Bearra Feirme – Gránach agus rútaí*

Barr amháin ghránach agus barr amháin rútaí nó prataí a shaothrú lena léiriú an tábhacht talmhaíochta atá leo seo a leanas:

Uanaíocht

Oiriúnacht ithreacht.

Ceapach síl a ullmhú

Cothú

Roghnú ar chineálacha

Coíriú síl

Am, ráta agus modh an tsíolchuir

Talmhú.

Galair, lotnaidí, srianadh fiailí, folláine

Baint, toradh, stóráil, bialuach agus úsáid deireadh.

Ba chóir taighde amháin eolaíoch ar a laghad a dhéanamh san dá chás.

### *Barra Feirme - Talamh Féarach*

Staidéar ar chóras bláthra agus fásúil na seamar seo a leanas: Féar Seagail ibhliantúil, Crobh Coiligh, Tiomóitéas, Féar Caorach Móinéir, Eirbeall Madra Círíneach, Muiríneach, Cuise, Seamair Dhearg, Seamair Bhán, Staidéar ar fhéaraigh (bán buan agus bán sealadach) faoi na ceannteidil seo a leanas:

Bunú – ithir, ceapach síl, leasú, meascáin síolta.

### *Bainistíocht*

Tomhas toradh an fhéaraigh de réir an mheáchain iomláin, de réir thirmábhair agus de réir feola agus bainne.

Imchoimeád torthaí an fhéaraigh.

Tosca a théann i gcionn ar fhiúntas cothaithe i gcás an fhéaraigh, an fhéir thirim agus an tsadhlais.

Cothabháil torthúlachta.

### *Crainn agus Foscaidh*

Crainn fháil agus criosanna foscaidh i dtaca le hainmhithe feirme agus barra. Éifeacht an fhoscaidh ar fhás luath agus ar thoradh iomlán na mbarra feirme.

### *Prionsabail na Géineolaíochta*

An chill – déanmhas; miotóis; méóis.

Dlíthe Mhendel.

Gnéaschinntiú, gnéasnascadh.

Sócháin.

Tréithe inoidhreachtá agus roghnú le haghaidh an phóraithe – féach na ranna ar phlandaí agus ainmhithe.

### *Déanmhas agus Feidhm Choirp an Ainmhí*

Ilíocht san ainmhí. Prionsabail rangaithe.

Gearrstadéar ar shampla amháin de na fílim seo ar leith a leanas:

Protozoa, Mollusca, Arthropoda (speiceas na bhfeithidí), Chordata (speicis mhamacha).

Rangú seadán a ndearnadh staidéar orthu i gcuid eile den chúrsa.

Cnámharlach agus matán – ionramháil shimplí anatamaíocht; comhshuíomh na cnáimhe; an cnámharlach mar orgán stórála.

Fás – leitheadú cnámh, matán agus saille i dtaca le haois; comhshuíomh an mhatáin agus na saille.

Imshruthú: an croí agus na fuileadáin; comhshuíomh agus feidhmeanna na fola.

Riospráid: meicníocht an anáilaithe: feidhm riospráide na fola.

Inghabháil: struchtúr an bhéil san ainmhí athchogantach agus san ainmhí neamh-athchogantach – a bhaint le nósanna beathaithe.

Díleá: staidéar ar an gcóras díleáite san ainmhí athchogantach, sa chapall, sa mhuc agus san éanlaith; na súnna díleáite; na heinsímí díleáite.

Feidhm an duáin Eisfhearadh.

Rialú ar theocht an choirp: gnáth-theocht; giniúint teasa agus teocht an choirp i dtaca le rialú mioinaeráideach; teocht chriticiúil na muice agus an daimh; foirgnimh feirme a mheas i dtaca le teocht na timpeallachta agus le taiseachas.

An néarchóras agus meicníochtaí athfhillteacha; an inchinn, néarchealla, athfhilltí.

An córas táirgthe: dioscadh an choinín – fireann agus bainneann.

An córas inchríneach; staidéar simplí ar an bpiotútach, an tíoróideach, an paraitioróideach, an timeas, an paincréas, na haidréanaigh agus na gonaid.

### *Iompar agus Stóráil*

(a) Córas na fola agus an córas limfeach.

(b) An ae, an fíochán saille agus an cnámharlach mar orgáin stórála.

### *An Bhó*

Pórtha coitianta, tréithe ginearálta

Prionsabail phóraithe.

An bhó i gcúrsaí táirgthe – na caighdeáin beathaithe lena cothú, táirgeadh bainne agus atáirgeadh ag tagairt go speisialta do bheathú sa gheimhreadh agus d'úsáid talún féaraigh.

Na galair choitianta – cúis, comharthaí, a seachaint agus a rialú – le haghaidh an bhéalscrúdaithe.

Táirgeadh bainne – an úth; an toradh a thomhas; comhshuíomh an bhainne, na tosca a théann i gcionn ar thoradh agus ar chomhshuíomh; an bhaictéareolaíocht i dtaca le glantáirgeadh bainne. Táirgí as bainne.

An lao – tógáil le haghaidh mairteola agus le haghaidh athnuachana an tréada. Staidéar ginearálta ar chothú, fás, sláinte agus tithíocht ó thráth beirthe go haois sé bliana ar a laghad.

## **An Chaora**

Na pórtha coitianta, tréithe ginearálta. Prionsabail phórtha.

Cothú, fás, cúram agus sláinte na n-uan ó thráth beirthe go haois sé mhí dhéag.

Staidéar ar olann – cineálacha, fás, príomhghnéithe, úsáid.

## *An Capall*

Staidéar ar an gcapall (nó an capaillín) mar ainmhí feirme – le haghaidh meastóireacht scoile amháin.

## *An Mhuc*

Cothú, bainistíocht, tosca timpeallachta, sláinte:

An chráin – le linn toirchis agus le linn lachta.

An banbh – ó thráth beirthe go tráth a bhainte de dheol.

An mhuc – ó thráth a bainte de dheol go tráth a maraith.

Roghnú le haghaidh póraithe – bunaithe ar bhreithmheas géiniteach agus breithmheas súl.

Na tosca a théann i gcionn ar chostais atáirgthe.

## *Foirgnimh Fheirme – le haghaidh meastóireacht scoile amháin*

A bheith inniúl ar fhoirgnimh fheirme a chur faoi thrácht agus a léiriú cé mar chuireann siad ar fáil na dalai timpeallachta ar an bhfeirm is gá e.g. maidir le heallacht agus muca. An bhéim a chur ar theocht, aerú, insliú agus pleanáil ar mhaithe le héifeachtúlacht an tsaothair.

## *Timpeallacht an Tí Fheirme – le haghaidh meastóireacht scoile amháin*

Leagan amach fisiciúil/aestéitiúil an tí maidir leis an bhfeirm, an clós feirme agus an chomharsanacht ghinearálta.

Nota: Is é a bheidh sa scrúdú in Eolaíocht Talmhaíochta (a) scrúdú scríofa agus (b) meastóireacht ar obair an iarrthóra i rith an chúrsa. Bunófar an mheastóireacht ar ábhar atá leagtha amach sa siollabas agus bronnfar marcanna, go nuige 100 san iomlán, faoi na ceanteidil seo thíos;

- (1) Cineálacha plandaí agus ainmhithe a bhaineann le cúrsaí talmhaíochta a aithint.
- (2) Cleachtadh praiticiúil ar bharr, ar stoc, ar leagain amach an tí agus an chlóis fheirme.

(3) Iniúchtha a rinneadh i dtaca le héiceolaíocht, ithireolaíocht, fiseolaíocht ainmhí, fiseolaíocht phlanda, géineolaíocht agus micribhitheolaíocht.